**CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE Uimh. 275/2022**

**an 23 Meán Fómhair 2022**

**lena leasaítear Prótacal 47 a ghabhann le Comhaontú LEE maidir le bacainní teicniúla ar thrádáil fíona a dhíothú [2023/804]**

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ("Comhaontú LEE"), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/16 ón gCoimisiún an 22 Deireadh Fómhair 2021 lena gceartaítear leaganacha i dteangacha áirithe de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/934 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ceantair fíonsaothrúcháin inar féidir neart an alcóil a mhéadú, maidir le cleachtais fíoneolaíochta údaraithe agus le srianta is infheidhme i ndáil le táirgeadh agus caomhnú táirgí fíniúna, maidir leis an íoschéatadán alcóil i gcás fotháirgí agus a ndiúscairt, agus le foilsiú comhad de chuid OIV ([1]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(2) Is le reachtaíocht maidir le fíon a bhaineann an Cinneadh seo. An reachtaíocht a bhaineann le fíon, ní bheidh feidhm aici maidir le Lichtinstéin fad a leathnófar cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le trádáil i dtáirgí talmhaíochta chun Lichtinstéin a chumhdach, mar a shonraítear sa seachtú mír den réamhrá i bPrótacal 47 a ghabhann le Comhaontú LEE. Dá bhrí sin, níl feidhm le bheith ag an gCinneadh seo maidir le Lichtinstéin.

(3) Dá bhrí sin, ba cheart Prótacal 47 a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Cuirtear an fhleasc seo a leanas isteach i bpointe 8e (Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/934 ón gCoimisiún) d'Fhoscríbhinn 1 a ghabhann le Prótacal 47 a ghabhann le Comhaontú LEE:

"— **32022 R 0016**: Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/16 ón gCoimisiún an 22 Deireadh Fómhair 2021 (IO L 5, 10.1.2022, lch. 1)."

*Airteagal 2*

Is téacs barántúil a bheidh i dtéacs Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/16 san Íoslainnis agus san Ioruais, téacs atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 24 Meán Fómhair 2022, ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha *, nó ar lá theacht i bhfeidhm Chinneadh Uimh. 273/2022 ó Chomhchoiste LEE an 23 Meán Fómhair 2022 ([2]), cibé acu is déanaí.

*Airteagal 4*

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

([1]) IO L 5, 10.1.2022, lch. 1.
(*) Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.
([2]) Féach leathanach 81 den Iris Oifigiúil

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 23 Meán Fómhair 2022.

*Thar ceann Chomhchoiste LEE*

*An tUachtarán*

Kristján Andri STEFÁNSSON